# Dúshlán Home Alone
# Sáinnigh na Gadaithe!
Tionscadal STEAM




**Dúshlán**

***Dear trí  ghaiste, chun cabhrú le Kevin, breith ar na gadaithe.***
***Roghnaigh an ceann is fearr leat agus déan fréamhshamhail.***

**Sula dtosaíonn tú,** déan iniúchadh ar Fhórsaí le do rang. Le ranganna sóisearacha, d'fheadfaí triail a bhaint as an ngníomhaíocht 'Investigating Slopes' ó DPSM. Le ranganna sinsearacha d'fheadfaí díriú ar luamháin, ulóga, rothaí fiaclacha agus unlais.

**Leideanna i gcomhair ceisteanna**
- Céard a dhéanfaidh an gaiste? Cén bealach go ndéanfaidh sé é?
- Cén ábhair a theastaíonn uait?
- Céard atá uathúil faoi do ghaiste?

**Critéir mholta do dhaltaí**:
Caithfidh tú do dhearaí a tharraingt. Dathaigh, más féidir.

Smaoinigh ar na rudaí seo a leanas;
- Cuir lipéid ar do dhearadh (na hábhair a theastaíonn uait chun na gaistí a chruthú).
- Cuir isteach aon luamháin, rothaí fiaclacha, castaí, cordaí tarraingthe, brúchnaipí nó aon ghnéithe meicniúla a chabhraíonn leis an gaiste oibriú
- B' fhéidir nach mbeidh do léaráid déanta de réir scála. Muna bhfuil, cuir isteach na toisí
- Ná bíodh do fhréamhshamhail níos mó ná 60cm in airde. Ná déan dearmad ar ' ag iniúchadh, ag pleanáil, ag déanamh agus ag meastóireacht'.
- Scríobh alt faoi gcaoi a n-oibróidh an gaiste chun na gadaithe a sháinniú.

** Beidh pointí breise tugtha do léiriú agus do mhaisiú.*

**Moltaí chun an critéir a athrú chun an dúshlán a mhéadú nó a dhéanamh níos simplí**
D'fheadfaí cuid do na moltaí seo a úsáid*;*

- Úsáid buiséad. Déan buiséadú don chostas iomlán. B'fhéidir go mbeadh nasc chuig siopa DIY, cabhrach.
- Úsáid ábhair in-athchúrsáilte. An féidir gaiste a dhearadh agus a dhéanamh ag úsáid ábhar ón mbosca bruscair athchúrsáilte. Céard a úsáidfear agus cén fáth?
- Cuir ciorcad isteach chun idirghníomhaíocht an ghaiste a mhéadú.
- Chun an tasc a chur in oiriúint do ranganna naíonáin nó do pháistí le riachtanais speisialta, athraigh an comhthéacs. Iarr orthu gaiste a dhearadh chun síofra, leipreachán nó púca srl.  a sháinniú (ag brath ar an t-am den bhliain).

**Ta an tasc seo ann chun cabhrú le múinteoirí le haonad STEAM a phleanáil. Is féidir é a chur in oiriúint do chomhthéacsanna eagsúla. Is é bunús an dúshláin seo ná cruthaitheacht a chothú agus go mbeidh indibhidiúlacht daltaí le feiceáil sna gaistí!*